Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Iúil 2025**
**(OR. en)**

**11427/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0212(NLE)**

**POLCOM 154**
**WTO 66**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Ghinearálta na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh i dtaca le tarscaoileadh EDT a dheonú lena gceadaítear do na Stáit Aontaithe cóir saor ó dhleacht a sholáthar faoi Caribbean Basin Economic Recovery Act (CBERA) de chuid na Stát Aontaithe |

**CINNEADH …/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Ghinearálta na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh i dtaca le tarscaoileadh EDT a dheonú lena gceadaítear do na Stáit Aontaithe cóir saor ó dhleacht a sholáthar faoi *Caribbean Basin Economic Recovery Act* (CBERA) de chuid na Stát Aontaithe**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d’Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig Comhaontú Marrakech i bhfeidhm an 1 Eanáir 1995, comhaontú lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála ('Comhaontú EDT').

(2) Foráiltear le mír 2 d'Airteagal II de Chomhaontú EDT gur codanna lárnacha de Chomhaontú EDT iad na comhaontuithe agus na hionstraimí dlíthiúla gaolmhara atá san áireamh in Iarscríbhinní 1, 2 agus 3 a ghabhann le Comhaontú EDT ('Comhaontuithe Trádála Iltaobhacha') agus go bhfuil siad ina gceangal ar na Comhaltaí uile.

(3) De bhun mhír 3 d'Airteagal IX, féadfaidh an Chomhdháil Aireachta a chinneadh, in imthosca eisceachtúla, oibleagáid arna forchur ar Chomhalta ag Comhaontú EDT nó ag aon cheann de na Comhaontuithe Iltaobhacha Trádála a tharscaoileadh.

(4) Leagtar amach i míreanna 3 agus 4 d'Airteagal IX de Chomhaontú EDT na nósanna imeachta maidir le tarscaoileadh a dheonú maidir leis na Comhaontuithe Trádála Iltaobhacha in Iarscríbhinn 1A, 1B nó 1C a ghabhann le Comhaontú EDT agus a n-iarscríbhinní.

(5) De bhun mhír 1 d'Airteagal IV de Chomhaontú EDT, tá sé d'údarás ag an gComhdháil Aireachta cinntí a dhéanamh maidir le haon ábhar a chumhdaítear faoi aon cheann de na Comhaontuithe Trádála Iltaobhacha.

(6) De bhun mhír 2 d'Airteagal IV de Chomhaontú EDT, sna heatraimh idir cruinnithe Chomhdháil Aireachta na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT), comhlíonann Comhairle Ghinearálta EDT a feidhmeanna.

(7) De bhun mhír 1 d’Airteagal IX de Chomhaontú EDT, is de chomhthoil a dhéanann EDT na cinntí de ghnáth.

(8) Deonaíodh tarscaoileadh oibleagáidí do na Stáit Aontaithe faoi mhír 1 d’Airteagal I de Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil 1994 (‘GATT 1994’) an 15 Feabhra 1985, don tréimhse ón 1 Eanáir 1984 go dtí an 30 Meán Fómhair 1995. An 15 Samhain 1995, rinne na Comhaltaí an tarscaoileadh a athnuachan go dtí an 30 Meán Fómhair 2005 agus arís an 29 Bealtaine 2009 go dtí an 31 Nollaig 2014. An 5 Bealtaine 2015, chuir na Comhaltaí síneadh leis an tarscaoileadh i leith mhír 1 d’Airteagal I de GATT 1994 go dtí an 31 Nollaig 2019, agus leathnaigh siad an tarscaoileadh chun míreanna 1 agus 2 d’Airteagal XIII de GATT 1994 a chumhdach, a mhéid is gá do na Stáit Aontaithe chun cóir saor ó dhleacht a sholáthar d’allmhairí táirgí incháilithe de thionscnamh tíortha is tairbhithe arna n-ainmniú de bhun fhorálacha *Caribbean Basin Economic Recovery Act* (‘CBERA’) de chuid na Stát Aontaithe. An 17 Deireadh Fómhair 2019, leathnaigh na Comhaltaí an tarscaoileadh i leith mhíreanna 1 agus 2 d’Airteagal XIII de GATT 1994 go dtí an 30 Meán Fómhair 2025, a mhéid is gá do na Stáit Aontaithe chun cóir saor ó dhleacht a sholáthar d’allmhairí táirgí incháilithe de thionscnamh tíortha is tairbhithe arna n-ainmniú de bhun fhorálacha CBERA.

(9) De bhun mhíreanna 3 agus 4 d’Airteagal IX de Chomhaontú EDT, chuir na Stáit Aontaithe iarraidh faoi bhráid na Comhairle Ginearálta cinneadh a dhéanamh tarscaoileadh EDT a dheonú chun cead a thabhairt do na Stáit Aontaithe cóir saor ó dhleacht a sholáthar do tháirgí incháilithe de thionscnamh thíortha agus chríocha Mheiriceá Láir agus Mhuir Chairib faoi CBERA ón 1 Deireadh Fómhair 2025 go dtí an 30 Meán Fómhair 2030.

(10) Tugann na Stáit Aontaithe údar leis an iarraidh ar bhonn leitheadúlacht ard na bochtaineachta agus na héagobhsaíochta atá ann i dtíortha in Imchuach Mhuir Chairib, go háirithe i Háítí. Trí bhíthin tairbhí faoi CBERA, tá sé beartaithe deiseanna eacnamaíocha a leathnú agus rannchuidiú le réigiún níos cobhsaí agus níos rathúla a bhaint amach.

(11) Ní bheadh tionchar diúltach ag an tarscaoileadh ar gheilleagar an Aontais ná ar chaidreamh trádála an Aontais le tairbhithe an tarscaoilte. Thairis sin, tacaíonn an tAontas le gníomhaíochtaí i gcoinne na bochtaineachta agus le gníomhaíochtaí ar son na cobhsaíochta.

(12) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Ghinearálta a bhunú chun tacú leis an iarraidh ó na Stáit Aontaithe an tarscaoileadh a dheonú i gcomhréir le hAirteagal 218(9) CFAE, ós rud é go mbeidh an tarscaoileadh ina cheangal ar Chomhaltaí EDT,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle Ghinearálta na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) tacú le tarscaoileadh EDT a dheonú lena gceadófar do na Stáit Aontaithe cóir saor ó dhleacht a sholáthar do tháirgí incháilithe de thionscnamh thíortha agus chríocha Mheiriceá Láir agus Mhuir Chairib faoi *Caribbean Basin Economic Recovery Act* de chuid na Stát Aontaithe ón 1 Deireadh Fómhair 2025 go dtí an 30 Meán Fómhair 2030.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*